



2024/1840

4.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1840 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Meitheamh 2024

Iena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197, (AE) 2022/918 agus (AE) 2022/1092 ón gCoimisiún, a mhéid a bhaineann le tagairtí d'aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Athbhreithniú 2 a bhunaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagail 7(1), 9(2), 10(5), 10(6), 17(6) agus 18(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾, bunaíodh aicmiú comhchoiteann staidrimh maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíochta san Aontas ('NACE Ath. 2'), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2008.
- (2) Tar éis do NACE Ath. 2 teacht i bhfeidhm, mar gheall ar an domhandú agus an digiteáil, tá athrú déanta de réir a chéile ar an mbealach a soláthraíonn mórán gníomhaíochtaí eacnamaíochta earraí agus seirbhísí ar fud an domhain.
- (3) De thoradh na n-athruithe sin, b'éigean NACE Ath. 2 a thabhairt cothrom le dáta, chun go mbeifí comhsheasmhach fós leis na caighdeáin a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta chun gníomhaíochtaí eacnamaíochta a aicmiú agus, dá réir sin, chun inchoimparáideacht idirnáisiúnta an staidrimh Eorpaigh a choinneáil ar bun. Dá réir sin, le Rialachán Tarmilgthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún ⁽³⁾, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 agus bunaíodh an t-aicmiúchán nuashonraithe ('NACE Ath. 2.1').
- (4) Chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí measúnú a dhéanamh ar na hathruithe mionsonraithe ar an ábhar in aicmiúchán NACE Ath. 2, agus chun an leagan sin den aicmiúchán a chur i gcomparáid le NACE Ath. 2.1, cuireadh tábla comhfhreagrais ⁽⁴⁾ ar fáil d'úsáideoirí an aicmiúcháin an 1 Lúnasa 2023, mar aon le nótaí míniúcháin ⁽⁵⁾.
- (5) Leis an gcorpas mór reachtaíochta ina leagtar amach ceanglais maidir le tarchur sonraí lena dtagraítear do ranna, rannáin, grúpaí nó aicmí sonracha NACE Ath. 2, cuimsítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ⁽⁶⁾, (AE) 2022/918 ⁽⁷⁾ agus (AE) 2022/1092 ⁽⁸⁾ ón gCoimisiún. Ba cheart na gníomhartha sin a leasú chun a áirithiú go mbeidh a gceanglais comhoiriúnach do NACE Ath. 2.1.

⁽¹⁾ IO L 327, 17.12.2019, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2152/oj>.

⁽²⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj>).

⁽³⁾ Rialachán Tarmilgthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).

⁽⁴⁾ <https://europa.eu/!f6H9nX>

⁽⁵⁾ <https://europa.eu/!FNRRFFB>

⁽⁶⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas i ndáil le sonraí le haghaidh na topaic 'Slabhraí Luacha Domhanda' de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 159, 14.6.2022, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/918/oj)

⁽⁷⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1092 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2022 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla na gceanglas sonraí maidir leis an topaic 'Nuálaíocht' de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 176, 1.7.2022, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1092/oj)

⁽⁸⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2020 lena leagtar síos sonraíochtaí agus socruithe teicniúla de bhun Rialachán (AE) 2019/2152 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh gnó Eorpach, lena n-aisghairtear 10 ngníomh dlí i réimse an staidrimh gnó (IO L 271, 18.8.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1197/oj)

- (6) Chun tacú leis an athrú ó 'NACE Ath. 2 bunaidh', mar atá, NACE Ath. 2 mar a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 sa leagan de a bhí ann roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137, go dtí NACE Ath. 2.1, ba cheart sonraí arna mbailiú faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 a thuairisciú ar bhonn NACE Ath. 2 bunaidh mar aon le NACE Ath. 2.1 ('tuairisciú dúbailte'). Ba cheart an tuairisciú dúbailte sin a dhéanamh i gcás bhliain thagartha 2025. A mhéid a bhaineann le staidreamh gnó gearrthéarmach, ba cheart tuairisciú dúbailte a dhéanamh roimh chur chun feidhme (agus an bhonbhliain nua á húsáid chun an staidreamh a athríomh) bhonbhliain 2025, i gcás bhlianta tagartha 2026 agus 2027 freisin.
- (7) Chun freastal ar riachtanais táirgeoirí staidrimh gnó agus chun ról údarásach na gclár gnó staidrimh a áirithiú, ba cheart na cláir ghnó staidrimh náisiúnta agus Clár na nGrúpaí Eorpacha códú dúbailte a sholáthar d'úsáideoirí de réir NACE Ath. 2 bunaidh agus NACE Ath. 2.1 araon, le haghaidh bhliain thagartha 2025 ar a laghad. Féadfar códú dúbailte i gcás blianta breise nó modhanna tacaíochta eile a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta bunaithe ar chomhaontú le húsáideoirí náisiúnta.
- (8) Chun feabhas a chur ar cháilíocht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197, ba cheart Táblaí 21, 23 agus 30 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis a leasú maidir le soiléireacht na miondealuithe, cumhdach aicme mhéide an phobail staidrimh agus an miondealú réigiúnach, faoi seach.
- (9) Chun leanúnachas an staidrimh Eorpaigh a áirithiú, maidir leis an tuairisciú don Choimisiún (Eurostat) de réir na sonraíochtaí atá bunaithe ar NACE Ath. 2 bunaidh, i gcásanna nach ndéantar tuairisciú dúbailte, ba cheart leanúint den tuairisciú sin go dtí go dtiocfaidh na sonraíochtaí atá bunaithe ar NACE Ath. 2.1 i bhfeidhm.
- (10) Chun inchoimparáideacht na sonraí maidir le slabhraí luacha domhanda le himeacht ama a áirithiú, maidir leis na sonraí dá dtagraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918 agus a bhaineann leis an gcéad tréimhse thagartha shainordaitheach (2021-2023), ba cheart na sonraí sin a thuairisciú ar bhonn NACE Ath. 2.1 ('cúloibriú'). Níor cheart an tuairisciú forlíontach dá thoradh sin a dhéanamh ach chun críoch faisnéise agus modheolaíochta amháin, agus níor cheart an tuairisciú sin difear a dhéanamh d'aon chás a bheidh ann de thoradh tharchur údarásach na sonraí le haghaidh thréimhse thagartha 2021-2023 bunaithe ar NACE Ath. 2 bunaidh. Ba cheart na cúloibríthe le haghaidh 2021-2023 a sholáthar faoin 30 Meán Fómhair 2029 (12 mhí tar éis an spriocdháta chun sonraí a tharchur maidir le tréimhse thagartha 2024-2026).
- (11) Níor cheart comhlíonadh an aicmiúcháin nuashonraithe a bheith ina cheanglas láithreach, toisc gur gá tréimhse áirithe chun go mbeidh soláthraithe sonraí in ann oiriúnú do na ceanglais rialála nua. Ba cheart a mheabhrú go ndearnadh dáta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 lena mbunaítear NACE Ath. 2.1 a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2025, maille le roinnt maoluithe sonracha. Dá bhrí sin, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar chomh maith.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart leasú a dhéanamh dá réir sin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197, (AE) 2022/918 agus (AE) 2022/1092.
- (13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197 mar a leanas:

- (1) cuirtear Airteagal 11a isteach mar a leanas:

'Airteagal 11a

Bearta idirthréimhseacha maidir le tuairisciú dúbailte agus códú dúbailte

1. I gcás bhliain thagartha 2025, déanfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar an tuairisciú ar bhonn NACE Ath. 2.1, NACE Ath. 2 a úsáid mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) sa leagan de a bhí ann roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 (**) ón gCoimisiún ('NACE Ath. 2 bunaidh') chun na sonraí maidir le tréimhsíúlacht bhliantúil dá dtagraítear sna táblaí seo a leanas d'Iarscríbhinn I, Cuid B a thiomsú agus a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat):

- (a) tábla 10. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le gníomhaíochtaí fiontar;
- (b) tábla 11. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le gníomhaíochtaí fiontar arna miondealú de réir aicmí méide nó arna miondealú de réir foirm dhlíthiúil;
- (c) tábla 12. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le himeachtaí déimeagrafacha d'fhiontair;
- (d) tábla 13. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le fiontair ag a bhfuil ardleibhéal fáis;
- (e) tábla 14. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le fiontair de réir thír an rialaithe deiridh;
- (f) tábla 15. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le fiontair ag a bhfuil rialú coigríche agus fiontair chleamhnaithe intíre atá gníomhach sa tír thuairiscithe;
- (g) tábla 17. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le trádáil i seirbhísí de réir saintréithe fiontair (STEC) – sonraí bliantúla;
- (h) tábla 18. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le caiteachas inmheánach T&F, le haghaidh na miondealuithe seo a leanas:
 - (i) pointe 5. 'Miondealú de réir gníomhaíochta (i gcás na hearnála fiontraíochta gnó amháin)';
 - (ii) pointe 6. 'Miondealú de réir threoshuíomh tionscail (i gcás na hearnála fiontraíochta gnó amháin) (roghnach)';
- (i) tábla 19. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le fostaíocht in T&F, le haghaidh na miondealuithe seo a leanas:
 - (i) pointe 6. 'Miondealú de réir gníomhaíochta';
 - (ii) pointe 8. 'Miondealú de réir gníomhaíochta agus inscne';
- (j) tábla 20. Staidreamh ar leibhéal tíre maidir le T&F arna chistiú le hairgead poiblí;
- (k) tábla 21. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le ceannacháin arna ndéanamh ag fiontair (sonraí bliantúla amháin);
- (l) tábla 22. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le hathruithe ar stoc fiontar;
- (m) tábla 26. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le táirgeadh tionsclaíoch;
- (n) tábla 27. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le hinfheistíochtaí i sócmhainní neamhreacha inláimhsithe arna ndéanamh ag fiontair;
- (o) tábla 33. Staidreamh maidir le gníomhaíochtaí idirnáisiúnta – rialú ag aonaid institiúideacha na tíre tuairiscithe ar fhiontair ar an gcoigríoch.

Déanfar na sonraí dá dtagraítear i mír 1 a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) laistigh de 12 mhí ó na sprioc-amanna maidir le tarchur sonraí a leagtar amach sna táblaí ábhartha in Iarscríbhinn I, Cuid B 'Gnéithe de na ceanglais maidir le sonraí'.

2. I gcás bhlianta tagartha 2025, 2026 agus 2027, déanfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar an tuairisciú ar bhonn NACE Ath. 2.1, NACE Ath. 2 bunaidh na úsáid chun na sonraí dá dtagraítear sna táblaí seo a leanas d'Iarscríbhinn I, Cuid B, a thiomsú agus a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat) laistigh de na sprioc-amanna a leagtar amach iontu:

- (a) tábla 1. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir leis an bpobal gnó;
- (b) tábla 2. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le fostaíocht;
- (c) tábla 3. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le huaireanta arna n-oibriú agus pá agus tuarastail;
- (d) tábla 5. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le praghsanna do tháirgeoirí;
- (e) tábla 6. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le táirgeacht (méid);
- (f) tábla 7. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir leis an méid díolachán;
- (g) tábla 8. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le glanláimhdeachas (luach);

3. I gcás bhliain thagartha 2025, sannfaidh na Ballstáit na cóid ghníomhaíochta d'aonaid staidrimh sna cláir ghnó staidrimh náisiúnta dá dtagraítear in Iarscríbhinn VIII i gcomhréir le NACE Ath. 2 bunaidh agus le NACE Ath. 2.1 araon.

4. I gcás bhliain thagartha 2025, déanfaidh na Ballstáit, sa bhreis ar an tuairisciú ar bhonn NACE Ath. 2.1, NACE Ath. 2 bunaidh a úsáid chun na sonraí maidir le tréimhsiúlacht bhliantúil dá dtagraítear sna táblaí seo a leanas d'Iarscríbhinn IX, Roinn 3, Cuid A, a thiomsú agus a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat):

(a) tábla faoi phointe 2.4. 'Malartú sonraí maidir le fiontair chónaitheacha a bhaineann le grúpaí fiontar ilnáisiúnta';

(b) tábla faoi phointe 2.6. 'Malartú sonraí maidir le ceartú a dhéanamh ar struchtúir ghrúpaí agus ar athróga maidir le grúpaí fiontar ilnáisiúnta'.

5. I gcás bhliain thagartha 2025 agus chun úsáid a bhaint as Clár na nGrúpaí Eorpacha dá dtagraítear in Airteagal 8(4) de Rialachán (AE) 2019/2152, déanfaidh an Coimisiún (Eurostat), sa bhreis ar an tuairisciú ar bhonn NACE Ath. 2.1, NACE Ath. 2 bunaidh a úsáid chun na sonraí maidir le tréimhsiúlacht bhliantúil, dá dtagraítear sna táblaí seo a leanas d'Iarscríbhinn IX, Roinn 3, Cuid C, a thiomsú agus a tharchur chuig údaráis staidrimh náisiúnta na mBallstát, agus féadfaidh an Coimisiún na sonraí sin a tharchur chuig na bainc cheannais náisiúnta agus chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chun críoch staidrimh agus chun na gcríoch sin amháin:

(a) tábla 2. Grúpa fiontar;

(b) tábla 3. Fiontar.

6. I gcás bhliain thagartha 2025 agus chun Clár na nGrúpaí Eorpacha a tháirgeadh, déanfaidh an Coimisiún, sa bhreis ar an tuairisciú ar bhonn NACE Ath. 2.1, NACE Ath. 2 bunaidh a úsáid chun na sonraí maidir le tréimhsiúlacht bhliantúil, dá dtagraítear sna táblaí seo a leanas d'Iarscríbhinn IX, Roinn 3, Cuid C, a thiomsú agus a tharchur chuig na foirne inniúla a rannchuidíonn le táirgeadh Chlár na nGrúpaí Eorpacha in údaráis staidrimh náisiúnta na mBallstát:

(a) tábla 2. Grúpa fiontar;

(b) tábla 3. Fiontar.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj>).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíochta NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj).;

(2) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(3) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(4) leasaítear Iarscríbhinn III mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) in Iarscríbhinn VII, scriostar pointe 3 'Socruithe idirthréimhseacha'.

*Airteagal 2***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/918 mar a leanas:

- (1) cuirtear Airteagal 2a isteach mar a leanas:

'Airteagal 2a

Beartha idirthréimhseacha maidir le cúloibriú

I gcás thréimhse tagartha 2021-2023, agus sa bhreis ar aon sonraí a soláthraíodh cheana féin ar bhonn NACE Ath. 2 mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) sa leagan de a bhí ann roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 (**) ón gCoimisiún ('NACE Ath. 2 bunaidh'), tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) na sonraí maidir leis na Slabhraí Luacha Domhanda dá dtagraítear san Iarscríbhinn, bunaithe ar NACE Ath. 2.1. mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) leasaithe Uimh. 1893/2006. Tarchuirfear na sonraí sin chuig an gCoimisiún (Eurostat) faoin 30 Meán Fómhair 2029 ar a dhéanaí.

(*) Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle, chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj>).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/137 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear aicmiú staidrimh ghníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 (IO L 19, 20.1.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/137/oj);

- (2) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 3***Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1092**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1092 mar a leanas:

- (1) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;
- (2) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn III.

*Airteagal 4***Cur i bhfeidhm**

- Beidh feidhm ag Airteagal 1 ón 1 Eanáir 2025, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) agus ón gCoimisiún, i gcás tréimhsí tagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.
- Beidh feidhm ag Airteagal 2, pointe (2), ón 1 Eanáir 2025, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat) le haghaidh tréimhsí tagartha dar críoch an dáta sin nó dá éis.
- Beidh feidhm ag Airteagal 3 ón 1 Eanáir 2026, a mhéid a bhaineann le tarchuir sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat), i gcás tréimhsí tagartha dar tús an dáta sin nó dá éis.

*Airteagal 5***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meitheamh 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

—

IARSCRÍBHINN I

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1197, leasaítear Cuid B mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad tháblaí 1, 2 agus 3:

Tábla 1. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir leis an bpobal gnó

Athróga	110101. Clárúcháin 110102. Cásanna féimheachta
Aonad tomhais	Dearbhluach: gan choigeartú
An pobal staidrimh	Gníomhaíochtaí margaidh Ranna NACE B go O, agus Q go S agus rannáin NACE T95 agus T96
Miondealuithe	Miondealú de réir gníomhaíochta — Comhiomláin Ranna NACE: — B + C + D + E, J + K, L + M + N + O, Q + R + S + T95 + T96 — Ranna NACE: — F, G, H agus I — Comhiomlán ar leith mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.B: — Tionscal, foirgníocht agus seirbhísí (seachas riarachán poiblí, cosaint, slándáil shóisialta éigeantach, gníomhaíochtaí eagraíochtaí ballraíochta, gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí agus eagraíochtaí agus comhlachtaí seachchríochacha)
An sprioc-am chun sonraí a tharchur	T+40D
An chéad tréimhse thagartha ina n-úsáidtear sonraíochtaí an tábla seo	An chéad ráithe de 2025, ag tosú le tarchur na sonraí lena gcuirtear chun feidhme an t-athrú bonnbhlíana go 2025, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, pointe 2

Tábla 2. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le fostaíocht

Athróga	120101. An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe
Aonad tomhais	Innéacsanna: gan choigeartú
An pobal staidrimh	Gníomhaíochtaí margaidh Ranna NACE B, C, D, Rannán NACE E36, F, G, H go N (gan L, N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O
Miondealuithe	Miondealú de réir gníomhaíochta I gcás na dtíortha uile: — Príomhghrúpálacha Tionsclaíochta (MIGanna) Ranna NACE B, C, D agus Rannán NACE E36 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.A; — Comhiomláin Ranna NACE — B + C + D + E36, H + I + J + K + M + N (gan N701, N72, N75 a áireamh) + O; — Ranna NACE: — B, C, D, F, G, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72, N75 a áireamh) agus O;

	<p>— Rannáin NACE:</p> <p>— E36, G46, G47, agus G47 (gan G473 a áireamh).</p> <p>I gcás tíortha meánmhéide agus móra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2:</p> <p>— Ina theannta sin, Rannáin Ranna NACE B, C agus D.</p> <p>I gcás tíortha móra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2:</p> <p>— Ina theannta sin, Rannáin Ranna NACE H, I, J agus K.</p> <p>Na miondealuithe breise a bhfuil gá leo i gcás tíortha meánmhéide agus tíortha móra, tá siad roghnach i gcás tíortha beaga (mar a shainítear in Iarscríbhinn III.A.2).</p>
An úsáid a bhaintear as neastacháin agus ceanglais cháilíochta	Féadfar an líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe a neasú tríd an líon fostaithe.
An sprioc-am chun sonraí a tharchur	T+2M le haghaidh sonraí ráithiúla nó míosúla (roghnach), cé is moite de na cásanna seo a leanas:
	— Ceanglais maidir le tíortha beaga agus meánmhéide: T+2M+15 lá.
An chéad tréimhse thagartha ina n-úsáidtear sonraíochtaí an tábla seo	An chéad ráithe nó an chéad mhí (roghnach) 2025, ag tosú le tarchur na sonraí lena gcuirtear chun feidhme an t-athrú bonnbhlíana go 2025, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, pointe 2

Tábla 3. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le huaireanta arna n-oibriú agus pá agus tuarastail

Athróga	120201. Uaireanta arna n-oibriú ag fostaithe 120301. Pá agus tuarastail
Aonad tomhais	Innéacsanna: gan choigeartú agus coigeartaithe de réir an fhéilire
An pobal staidrimh	Gníomhaíochtaí margaidh Ranna NACE B, C, D, agus Rannán E36, Ranna NACE F, G, H go N (gan L, N701, N72 agus N75 a áireamh) agus O
Miondealuithe	<p>Miondealú de réir gníomhaíochta</p> <p>I gcás na dtíortha uile:</p> <p>— MIGanna Ranna NACE B, C, D agus Rannán NACE E36 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.A;</p> <p>— Comhiomláin Ranna NACE</p> <p>— B + C + D + E36, H + I + J + K + M + N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) + O;</p> <p>— Ranna NACE:</p> <p>— B, C, D, F, G, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O;</p> <p>— Rannáin NACE:</p> <p>— E36, G46, G47, agus G47 (gan G473 a áireamh).</p>

	<p>I gcás tíortha meánmhéide agus móra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2:</p> <p>— Ina theannta sin, Rannáin Ranna NACE B, C agus D.</p> <p>I gcás tíortha móra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2:</p> <p>— Ina theannta sin, Rannáin Ranna NACE H, I, J agus K.</p> <p>Na miondealuithe breise a bhfuil gá leo i gcás tíortha meánmhéide agus tíortha móra, tá siad roghnach i gcás tíortha beaga (mar a shainítear in Iarscríbhinn III.A.2).</p>
An sprioc-am chun sonraí a tharchur	<p>T + 3M le haghaidh sonraí ráithiúla nó míosúla (roghnach), cé is moite de na cásanna seo a leanas:</p> <p>— Ceanglais maidir le tíortha beaga agus meánmhéide ag: T + 3M +15 lá.</p>
An chéad tréimhse thagartha ina n-úsáidtear sonraíochtaí an tábla seo	An chéad ráithe nó an chéad mhí (roghnach) 2025, ag tosú le tarchur na sonraí lena gcuirtear chun feidhme an t-athrú bonnbhlíana go 2025, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, pointe 2.;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad tháblaí 5 go 8:

Tábla 5. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le praghsanna do tháirgeoirí

Athróga	<p>130201. Praghsanna do tháirgeoirí 130202. Praghsanna táirgeoirí intíre 130203. Praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad 130204. Praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad (an limistéar euro) (roghnach i gcás tíortha lasmuigh den limistéar euro) 130205. Praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad (lasmuigh den limistéar euro) (roghnach i gcás tíortha lasmuigh den limistéar euro)</p>
Aonad tomhais	Innéacsanna: gan choigeartú
An pobal staidrimh	<p>Le haghaidh athróg 130201 (Praghsanna do tháirgeoirí):</p> <p>— Gníomhaíochtaí margaidh Ranna NACE B (gan B0721 a áireamh), C (gan C2446, C253, C301, C303 ná C304 a áireamh), D agus Rannán E36, Aicmiú táirgí de réir gníomhaíochta (CPA) 41.00.1 gan 41.00.14 a áireamh (foirgnimh nua amháin), Ranna NACE H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O;</p> <p>Le haghaidh athróg 130202 (praghsanna do tháirgeoirí intíre), 130203 (praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad), 130204 (praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad (an limistéar euro)) agus 130205 (praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad (lasmuigh den limistéar euro)):</p> <p>— Gníomhaíochtaí margaidh Ranna NACE B (gan B0721 a áireamh), C (gan C2446, C253, C301, C303 ná C304 a áireamh), D agus Rannán E36.</p>
Miondealuithe	<p>Miondealú de réir gníomhaíochta agus táirgí</p> <p>I gcás na dtíortha uile:</p> <p>— MIGanna Ranna NACE B (gan B0721 a áireamh), C (gan C2446, C253, C301, C303 ná C304 a áireamh) agus D agus Rannán E36 mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.A;</p>

	<ul style="list-style-type: none"> — Comhiomláin Ranna NACE — B (gan B0721 a áireamh) + C (gan C2446, C253, C301, C303 ná C304 a áireamh) + D + E36, H + I + J + K + M + N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) + O; — Ranna NACE: <ul style="list-style-type: none"> — B (gan B0721 a áireamh), C (gan C2446, C253, C301, C303 ná C304 a áireamh), D, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O; — Rannán E36 agus Rannáin Ranna NACE H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O; — CPA 41.00.1 gan 41.00.14 a áireamh (foirgnimh nua amháin). <p>I gcás tíortha meánmhéide mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Ina theannta sin, Rannáin Ranna NACE B (gan B0721 a áireamh), C (gan C2446, C253, C301, C303 ná C304 a áireamh) agus D <p>I gcás tíortha móra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Mar atá i gcás tíortha meánmhéide agus ina theannta sin, Grúpaí agus Aicmí Roinn NACE C le haghaidh athróga 130201 (praghsanna do tháirgeoirí), 130202 (praghsanna táirgeoirí intíre) agus 130203 (praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad) (arb iad sin 90 % ar a laghad de bhreisluach Roinn C). <p>Na miondealuithe breise a bhfuil gá leo i gcás tíortha meánmhéide agus tíortha móra, tá siad roghnach i gcás tíortha beaga; na miondealuithe breise i gcás tíortha móra, tá siad roghnach i gcás tíortha meánmhéide (mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2).</p>
<p>An úsáid a bhaintear as neastacháin agus ceanglais cháilíochta</p>	<p>Raon feidhme an tsoláthair sonraí le haghaidh miondealú de réir limistéar laistigh/lasmuigh den limistéar euro, arna theorannú le pleananna samplála Eorpacha i gcás tíortha sonracha mar a shonraítear in Iarscríbhinn III.C.</p> <p>Is féidir na costais foirgníochta iomlána (costais ábhar agus costais saothair) a úsáid mar athróg ionadach le haghaidh praghsanna do tháirgeoirí san fhoirgníocht (CPA 41.00.1 gan 41.00.14 a áireamh). Ar na costais atá ina gcomhpháirteanna de na costais foirgníochta, áirítear gléasra agus trealamh, iompar, fuinneamh agus costais eile (gan táillí ailtirí a áireamh).</p> <p>Is fearr innéacsanna atá bunaithe ar phraghsanna iarbhír do tháirgeoirí. Mura bhfuil siad sin ar fáil, is féidir neastacháin a úsáid le haghaidh H49, H50, H52, I55, I56, J58, J59, J60, M68, N74, O77, O79, O81 agus O82. Is féidir táirgí (CPA) a úsáid chun gníomhaíochtaí a neasú (NACE).</p> <p>Is le <i>Business-to-All</i> (B2All) a bhaineann na hInnéacsanna praghsanna do tháirgeoirí seirbhíse (SPPlanna). I gcás ina bhfuil sciar na n-idirbheart le tomhaltóirí príobháideacha (B2C) diomaibhseach, féadfar na SPPlanna a neasú trí tháscairí gnólacht le gnólacht (B2B).</p>

An sprioc-am chun sonraí a tharchur	T + 1M le haghaidh sonraí míosúla i gcás NACE B go E36 atá ina cheanglas; — T + 3M le haghaidh gach NACE agus CPA 41.00.1 eile atá ina cheanglas (gan 41.00.14 a áireamh), cé is moite de na cásanna seo a leanas: tíortha beaga agus meánmhéide le haghaidh an CPA 41.00.1 atá ina cheanglas (gan 41.00.14 a áireamh), na sonraí ráithiúla agus míosúla (roghnacha) ag: T + 3M + 15 lá.
An chéad tréimhse thagartha ina n-úsáidtear sonraíochtaí an tábla seo	An chéad ráithe nó an chéad mhí (roghnach) 2025, ag tosú le tarchur na sonraí lena gcuirtear chun feidhme an t-athrú bonnbhlíana go 2025, i gcomhréir le hlarscríbhinn VII, pointe 2. I gcás na mBallstát a aontóidh don limistéar euro tar éis mhí na Nollag 2024, tá athrógá 130204 (Praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad (an limistéar euro)) agus 130205 (Praghsanna táirgeoirí nach táirgeoirí intíre iad (lasmuigh den limistéar euro)) ina gceanglas ó thús na bliana a thagann siad isteach sa limistéar euro.

Tábla 6. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le táirgeacht (méid)

Athróga	140101. Táirgeacht (méid)
Aonad tomhais	Innéacsanna: gan choigeartú, coigeartaithe de réir an fhéilire agus coigeartaithe de réir an tséasúir
An pobal staidrimh	Gníomhaíochtaí margaidh Ranna NACE B, C, D (gan D353 a áireamh), F, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O
Miondealuithe	Miondealú de réir gníomhaíochta I gcás na dtíortha uile: — MIGanna Ranna NACE B, C agus D (gan Grúpa D353 a áireamh) mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.A (MIG an Fhuinnimh gan Grúpa D353 ná Roinn E a áireamh); — Comhiomláin Ranna NACE: — B+C+D (gan D353), H+I+J+K+M+N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) + O; — Ranna NACE: — B, C, D (gan D353 a áireamh), F, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O; — Rannáin Ranna NACE: — H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O. I gcás tíortha meánmhéide agus móra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2: — Ina theannta sin, Rannáin Ranna NACE B, C, D (gan D353 a áireamh) agus F. I gcás tíortha móra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2: — Ina theannta sin, Grúpaí agus Aicmí Roinn NACE C (arb iad sin 90 % ar a laghad de bhreisluach Roinn C).

	Na miondealuithe breise a bhfuil gá leo i gcás tíortha meánmhéide agus tíortha móra, tá siad roghnach i gcás tíortha beaga; na miondealuithe breise i gcás tíortha móra, tá siad roghnach i gcás tíortha meánmhéide (mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2).
An sprioc-am chun sonraí a tharchur	T+1M+10 lá le haghaidh Ranna NACE B, C, D (gan D353 a áireamh) Le haghaidh Roinn NACE F: — i gcás tíortha meánmhéide agus móra: T+1M+15 lá; — i gcás tíortha beaga: T + 2M. T + 2M le haghaidh Ranna NACE H, I, J, K, M, N (gan N701, N72, N75 a áireamh) agus O.
An chéad tréimhse thagartha ina n-úsáidtear sonraíochtaí an tábla seo	Eanáir 2025, ag tosú le tarchur na sonraí lena gcuirtear chun feidhme an t-athrú bonnbhlíana go 2025, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, pointe 2.

Tábla 7. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir leis an méid díolachán

Athróga	140201. Méid díolachán
Aonad tomhais	Innéacsanna: gan choigeartú, coigeartaithe de réir an fhéilire agus coigeartaithe de réir an tséasúir
An pobal staidrimh	Gníomhaíochtaí margaidh de G NACE
Miondealuithe	Miondealú de réir gníomhaíochta I gcás na dtíortha uile: — Roinn NACE G; — Rannáin Roinn NACE G; — Comhiomlán Ghrúpaí Rannán NACE G47 gan Grúpa G473; — Comhiomlán Aicme NACE G4711 + Ghrúpa NACE G472; — Comhiomlán Aicme NACE G4712 + Ghrúpaí NACE G474 + G475 + G476 + G477 + G478 + G479; — Grúpa NACE G473. I gcás tíortha meánmhéide agus móra mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2: — Ina theannta sin Grúpaí NACE Roinn G, Aicmí NACE G4711 agus G4712. Na miondealuithe breise a bhfuil gá leo i gcás tíortha meánmhéide agus tíortha móra, tá siad roghnach i gcás tíortha beaga (mar a shainítear in Iarscríbhinn III.A.2).
An sprioc-am chun sonraí a tharchur	T + 2M le haghaidh sonraí míosúla le haghaidh: Le haghaidh NACE — Roinn G;

	<ul style="list-style-type: none"> — Rannán G46; — Grúpaí G461, G462, G463, G464, G465, G466, G467, G468, G469, G471, G472, G474, G475, G476, G477, G478 agus G479; — Aicmí G4711 agus G4712. <p>T + 1M le haghaidh sonraí míosúla le haghaidh:</p> <p>Le haghaidh NACE</p> <ul style="list-style-type: none"> — Rannán G47; — Comhiomlán Roinn G47 gan Grúpa G473; — Comhiomlán Aicme NACE G4711 + Ghrúpa NACE G472; — Comhiomlán Aicme NACE G4712 — + Ghrúpaí NACE G474 + G475 + G476 + G477 + G478 + G479; — Grúpa G473.
An chéad tréimhse thagartha ina n-úsáidtear sonraíochtaí an tábla seo	Eanáir 2025, ag tosú le tarchur na sonraí lena gcuirtear chun feidhme an t-athrú bonnbhliana go 2025, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, pointe 2.

Tábla 8. Staidreamh gnó gearrthéarmach maidir le glanláimhdeachas (luach)

Athróga	<p>140301. Glanláimhdeachas (luach)</p> <p>140302. Glanláimhdeachas intíre (luach)</p> <p>140303. Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach)</p> <p>140304. Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach) (an limistéar euro) (roghnach i gcás tíortha lasmuigh den limistéar euro)</p> <p>140305. Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach) (lasmuigh den limistéar euro) (roghnach i gcás tíortha lasmuigh den limistéar euro)</p>
Aonad tomhais	Innéacsanna: gan choigeartú agus coigeartaithe de réir an fhéilire i gcás na ngníomhaíochtaí uile, agus coigeartaithe de réir an tséasúir freisin le haghaidh Ranna NACE G, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O.
An pobal staidrimh	<p>Le haghaidh athróg 140301 (glanláimhdeachas (luach)): Ranna NACE B, C, G, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O;</p> <p>Le haghaidh athróga 140302 (Glanláimhdeachas intíre (luach)), 140303 (Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach)), 140304 (Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach) (an limistéar euro) (roghnach i gcás tíortha lasmuigh den limistéar euro)) agus 140305 (Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach) (lasmuigh den limistéar euro) (roghnach i gcás tíortha lasmuigh den limistéar euro)): Ranna NACE B agus C.</p>
Miondealuithe	<p>Miondealú de réir gníomhaíochta</p> <p>Le haghaidh athróg 140301 (glanláimhdeachas (luach)):</p> <p>I gcás na dtíortha uile:</p> <ul style="list-style-type: none"> — MIGanna Ranna NACE B agus C mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.A (MIG an Fhuinnimh gan Ranna D ná E a áireamh);

	<ul style="list-style-type: none"> — Comhiomláin Ranna NACE: <ul style="list-style-type: none"> — B + C, H + I + J + K + M + N (gan N701, N72 agus N75 a áireamh) +O; — Ranna NACE: <ul style="list-style-type: none"> — B, C, G, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 agus N75 a áireamh) agus O; — Rannáin Ranna NACE: <ul style="list-style-type: none"> — G, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 agus N75 a áireamh) agus O; — Rannán NACE G47 gan Grúpa G473; — Grúpa NACE G473; — Comhiomlán Aicme NACE G4711 + Ghrúpa NACE G472; — Comhiomlán Aicme NACE G4712 + Ghrúpaí NACE G474 +G475+G476+G477+G478+G479. <p><i>I gcás tíortha meánmhéide agus móra</i> mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Ina theannta sin Rannáin Ranna NACE B agus C, Grúpaí Roinn NACE G, Aicmí NACE G4711 agus G4712. <p>Le haghaidh athróa 140302 (Glanláimhdeachas intíre (luach)), 140303 (Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach)), 140304 (Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach) (an limistéar euro)) agus 140305 (Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach) (lasmuigh den limistéar euro)):</p> <p><i>I gcás na dtíortha uile:</i></p> <ul style="list-style-type: none"> — MIGanna Ranna NACE B agus C mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.A (MIG an Fhuinnimh gan Ranna D ná E a áireamh); — Comhiomláin Ranna NACE B+C; — Ranna NACE B agus C. <p><i>I gcás tíortha meánmhéide agus móra</i> mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.2:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Ina theannta sin Rannáin Ranna NACE B agus C. <p>Na miondealuithe breise a bhfuil gá leo i gcás tíortha meánmhéide agus tíortha móra, tá siad roghnach i gcás tíortha beaga (mar a shainnítear in Iarscríbhinn III.A.2).</p>
An sprioc-am chun sonraí a tharchur	<p>T+2M le haghaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> — MIGanna Ranna NACE B agus C mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.A (MIG an Fhuinnimh gan Ranna D ná E a áireamh); — Comhiomláin Ranna NACE: <ul style="list-style-type: none"> — B+C, H+I+J+K+M+N (gan N701, N72 agus N75 a áireamh) +O;

	<ul style="list-style-type: none"> — Ranna NACE: <ul style="list-style-type: none"> — B, C, G, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O; — Rannáin Ranna NACE: <ul style="list-style-type: none"> — B, C, H, I, J, K, M, N (gan N701, N72 ná N75 a áireamh) agus O; — Rannán NACE G46; — Grúpaí NACE G461, G462, G463, G464, G465, G466, G467, G468, G469, G471, G472, G474, G475, G476, G477, G478 agus G479; — Aicmí NACE G4711 agus G4712. <p>T+1M le haghaidh:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Rannán NACE G47: <ul style="list-style-type: none"> — Comhiomlán Rannán NACE G47 gan Grúpa G473; — Comhiomlán Aicme NACE G4711+ Ghrúpa NACE G472; — Comhiomlán Aicme NACE G4712+ Ghrúpaí NACE G474 +G475+G476+G477+G478+G479; — Grúpa NACE G473.
<p>An chéad tréimhse thagartha ina n-úsáidtear sonraíochtaí an tábla seo</p>	<p>Eanáir 2025, ag tosú le tarchur na sonraí lena gcuirtear chun feidhme an t-athrú bonnbhliana go 2025, i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, pointe 2.</p> <p>I gcás na mBallstát a aontóidh don limistéar euro tar éis mhí na Nollag 2024, tá athrúga 140304 (Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach) (an limistéar euro)) agus 140305 (Glanláimhdeachas nach láimhdeachas intíre é (luach) (lasmuigh den limistéar euro)) ina gceanglas ó thús na bliana a thagann siad isteach sa limistéar euro.;</p>

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad tháblaí 10 go 21:

Tábla 10. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le gníomhaíochtaí fiontar

<p>Athróga</p>	<p>210101. An líon fiontar gníomhach 220101. An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe 220102. An líon fostaithe 220103. An líon fostaithe in aonaid de choibhéis lánaimseartha 220201. Uaireanta arna n-oibriú ag fostaithe 220301. Speansas sochar maidir le foistáil 220302. Pá agus tuarastail 220303. Costais slándála sóisialta 240101. Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí 250101. Glanláimhdeachas 250201. Ollchorrlach ar earraí le hathdhíol (féadfar riai 1 % a chur i bhfeidhm, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.1, bunaithe ar 'ghlanláimhdeachas' agus ar 'an líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe' ar leibhéal rannáin NACE)</p>
----------------	---

	<p>250301. Luach an aschuir 250401. Breisluach 250501. Ollbharrachas oibriúcháin 260101. Oll-infheistíocht i sócmhainní neamhreacha inláimhsithe 260106. Oll-infheistíocht i sócmhainní neamhreacha doláimhsithe, seachas cáilmheas (féadfar riail 1 % a chur i bhfeidhm, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.1 bunaithe ar 'ghlanláimhdeachas' agus ar an 'líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe' ar leibhéal rannáin NACE) 260108. Fáltais ó dhíol infheistíochtaí inláimhsithe (féadfar riail 1 % a chur i bhfeidhm, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.A.1, bunaithe ar 'ghlanláimhdeachas' agus ar 'an líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe' ar leibhéal rannáin NACE)</p>
Aonad tomhais	<p>Airgeadra náisiúnta (mílte) cé is moite d'athróa 210101 (An líon fiontar gníomhach), 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe), 220102 (An líon fostaithe), 220103 (An líon fostaithe in aonaid de choibhéis lánaimseartha) agus 220201 (Uaireanta arna n-oibriú ag fostaithe): dearbhluch</p>
An pobal staidrimh	<p>Le haghaidh athróg seachas 250201 (Ollchorrlach ar earraí le hathdhíol), 260106 (Oll-infheistíocht i sócmhainní neamhreacha doláimhsithe, seachas cáilmheas) agus 260108 (Fáltais ó dhíol infheistíochtaí inláimhsithe): Táirgeoirí margaidh Ranna NACE B go O agus Q go S agus rannáin NACE T95 agus T96;</p> <p>Le haghaidh athróa 250201 (Ollchorrlach ar earraí le hathdhíol) agus 260108 (Fáltais ó dhíol ó infheistíochtaí inláimhsithe): Táirgeoirí margaidh Ranna NACE B go G;</p> <p>Le haghaidh athróg 260106 (Oll-infheistíocht i sócmhainní neamhreacha doláimhsithe, seachas cáilmheas): Táirgeoirí margaidh Ranna NACE B go E.</p>
Miondealuithe	<p>Miondealú de réir gníomhaíochta (féadfar bratach CETO a chur i bhfeidhm mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn III.B)</p> <p>Le haghaidh na n-athróg uile cé is moite d'athróa 260106 (Oll-infheistíocht i sócmhainní neamhreacha doláimhsithe, seachas cáilmheas) agus 260108 (Fáltais ó dhíol infheistíochtaí inláimhsithe); le haghaidh athróg 250201 (Ollchorrlach ar earraí le hathdhíol) Ranna NACE B go G agus lena n-aghaidh sin amháin:</p> <ul style="list-style-type: none"> — Le haghaidh Ranna NACE B go K, M go O agus Q go S: ranna, rannáin, grúpaí agus aicmí; — Le haghaidh Roinn NACE L: Roinn, rannáin, grúpaí 64.1, 64.2, 64.3, 64.9, 65.1, 65.2 agus 65.3, aicmí 64.11, 64.19, 65.11, 65.12, 65.20 agus 65.30; — Le haghaidh rannáin 95 agus 96: rannáin, grúpaí agus aicmí; — Comhiomláin ar leith mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.B i gcás na nithe seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> — Tionscal, foirgníocht agus seirbhísí (seachas riarachán poiblí, cosaint, slándáil shóisialta éigeantach, gníomhaíochtaí eagraíochtaí ballraíochta, gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí agus eagraíochtaí agus comhlachtaí seachchríochacha),

- TFC iomlán,
- Monaraíocht TFC,
- Seirbhísí TFC,
- Monaraíocht teicneolaíochta ardleibhéil agus meán-/ardleibhéil (roghnach),
- Monaraíocht teicneolaíochta ardleibhéil,
- Monaraíocht teicneolaíochta meán-/ardleibhéil,
- Monaraíocht teicneolaíochta íseal-leibhéil agus meán-/íseal-leibhéil (roghnach),
- Monaraíocht teicneolaíochta meán-/íseal-leibhéil,
- Monaraíocht teicneolaíochta íseal-leibhéil,
- An earnáil faisnéise,
- Seirbhísí a bhaineann le ríomhaireacht,
- Iomlán na seirbhísí dlútheolais (roghnach),
- Seirbhísí ardeicneolaíochta dlútheolais,
- Seirbhísí margaidh dlútheolais,
- Seirbhísí airgeadais dlútheolais,
- Seirbhísí dlútheolais eile (roghnach),
- Gníomhaíochtaí dlútheolais — Tionscail ghnó,
- Gníomhaíochtaí dlútheolais (roghnach),
- Tionscail turasóireachta (iomlán) (roghnach),
- Tionscail turasóireachta (turasóireacht go príomha) (roghnach),
- Tionscail turasóireachta (turasóireacht go páirteach) (roghnach),
- Tionscail turasóireachta – Iompar (iomlán) (roghnach),
- Tionscail turasóireachta – Iompar ar talamh (roghnach),
- Tionscail turasóireachta – Iompar ar uisce (roghnach),
- Tionscail turasóireachta — Cóiríocht (roghnach),
- Tionscail turasóireachta – Bia agus deochanna (iomlán) (roghnach),
- Tionscail turasóireachta – Gluaisteáin a ligean ar cíós agus cíós eile (iomlán)(roghnach)

	<ul style="list-style-type: none"> — Seirbhísí (seachas riarachán poiblí, cosaint, slándáil shóisialta éigeantach, gníomhaíochtaí eagraíochtaí ballraíochta, teaghlaigh mar fhostóirí agus eagraíochtaí agus comhlachtaí seach-chríochacha) <p>Le haghaidh athróa 210101 (An líon fiontar gníomhach), 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe), 220102 (An líon fostaithe), 220302 (Pá agus tuarastail), 250101 (Glanláimhdeachas) agus 250401 (Breisluch): ina theannta sin,</p> <ul style="list-style-type: none"> — Comhiomlán ar leith mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II.B le haghaidh: — Earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta – iomlán; — Earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta – seirbhísí. <p>Le haghaidh athróa 260106 (Oll-infheistíocht i sócmhainní neamhreacha doláimhsithe, seachas cáilmheas) agus 260108 (Fáltais ó dhíol infheistíochtaí inláimhsithe):</p> <p>Ranna agus rannáin NACE</p>
An úsáid a bhaintear as neastacháin agus ceanglais cháilíochta	<p>I gcás ghníomhaíochtaí NACE 642, 643 agus 653 nach bhfuil suntasach ó thaobh an gheilleagair de i dtéarmaí breisluchas ná an líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe, féadfar luachanna 0 a sholáthar cé is moite d'athróa 210101 (An líon fiontar gníomhach) agus 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe). Murab é 0 atá in 220102 (An líon fostaithe), ba cheart an luach a sholáthar freisin.</p> <p>I gcásanna ina bhfuil na sonraí foinseacha a úsáidtear chun sonraí na hathróige a thiomsú ar fáil le haghaidh na bliana fioscaí i gcás aonad staidrimh áirithe agus nach féidir na sonraí sin a athríomh chun an bhliain féilire a chumhdach, féadfar sonraí na bliana féilire a neasú le sonraí faoin mbliain fhioscach i gcás na n-aonad staidrimh sin.</p>
An sprioc-am chun sonraí a tharchur	<p><u>Réamhshonraí:</u> T+10M le haghaidh Ranna, Rannáin agus Ghrúpaí NACE le haghaidh athróa 210101 (An líon fiontar gníomhach), 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe) agus 250101 (Glanláimhdeachas)</p> <p><u>Sonraí críochnaitheacha bailíochtaithe:</u> T+18M le haghaidh na n-athróg uile</p>
An chéad tréimhse thagartha ina n-úsáidtear sonraíochtaí an tábla seo	2025

Tábla 11. Staidreamh gnó ar leibhéal tíre maidir le gníomhaíochtaí fiontar arna miondealú de réir aicmí méide nó arna miondealú de réir foirm dhlíthiúil

Athróga	<p>210101. An líon fiontar gníomhach 220101. An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe 220102. An líon fostaithe 220201. Uaireanta arna n-oibriú ag fostaithe 220301. Speansas sochar maidir le fostaí</p>
---------	---

	<p>220302. Pá agus tuarastail 220303. Costais slándála sóisialta 240101. Ceannacháin iomlána earraí agus seirbhísí 250101. Glanláimhdeachas 250301. Luach an aschuir 250401. Breisluach 250501. Ollbharrachas oibriúcháin</p>
Aonad tomhais	<p>Airgeadra náisiúnta (mílte) cé is moite d'athróa 210101 (An líon fiontar gníomhach), 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe), 220102 (An líon fostaithe) agus 220201 (Uaireanta arna n-oibriú ag fostaithe): dearbhluch</p>
An pobal staidrimh	<p>Le haghaidh miondealú de réir gníomhaíochta agus aicme mhéide an lín fostaithe agus daoine féinfhostaithe in athróa 210101 (An líon fiontar gníomhach), 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe), 250101 (Glanláimhdeachas) agus 250401 (Breisluach) agus le haghaidh miondealú de réir gníomhaíochta agus aicme mhéide an lín fostaithe in athróg 210101 (An líon fiontar gníomhach), 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe) agus 220102 (An líon fostaithe): Táirgeoirí margaidh Ranna NACE B go O agus Q go S agus rannáin NACE T95 agus T96.</p> <p>Le haghaidh miondealú de réir gníomhaíochta agus aicme mhéide an láimhdeachais in athróa 210101 (An líon fiontar gníomhach), 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe), 250101 (Glanláimhdeachas) agus 250401 (Breisluach): Táirgeoirí margaidh Roinn NACE G.</p> <p>Le haghaidh miondealú de réir gníomhaíochta agus aicme mhéide an lín fostaithe agus daoine féinfhostaithe in athróa eile seachas 210101 (An líon fiontar gníomhach), 220101 (An líon fostaithe agus daoine féinfhostaithe), 250101 (Glanláimhdeachas) agus 250401 (Breisluach): Táirgeoirí margaidh Ranna NACE B go F.</p>
